

**HEA** | HIGHER EDUCATION AUTHORITY  
AN tÚDARÁS um ARD-OIDEACHAS

**Próiseas an Chás-  
Staidéir ar an  
Measúnacht Tionchair  
2025–2028:  
Paca Faisnéise**

## Clár Ábhar

1. Réamhrá .....	3
2. Próiseas an Chás-Staidéir ar an Measúnacht Tionchair .....	4
Ceanglais incháilitheachta agus coinníollacha IACS .....	4
Meastóireacht ar an gcás-staidéar .....	7
Iarmheastóireacht agus leithdháileadh an Chistiúcháin Feidhmíochta .....	9
3. Critéir mheastóireachta, scóráil agus ualú .....	10
Tábla 1: Critéir mheastóireachta .....	10
Tábla 2: Rúibric scórála .....	13
Tábla 3: Scéim mharcála .....	13
4. Comhairle maidir le cás-staidéar a ullmhú .....	14
An cás-staidéar a scríobh .....	16
Aguisín 1: Teimpléad samplach IACS .....	18
1. Mionsonraí maidir leis an aighneacht cás-staidéir .....	18
2. Forbhreathnú .....	18
3. Cás-staidéar ar an measúnacht tionchair .....	19
4. Sínithe údaraithe .....	21

## 1. Réamhrá

I measc na gceanglas tuairiscithe bhliantúil atá ar institiúidí ardoideachais faoin [gCreat Feidhmíochta Córais 2023–2028](#) tá Cás-Staidéar ar an Measúnacht Tionchair a chur isteach. Tá baint ag Cás-Staidéir ar an Measúnacht Tionchair (IACSanna) le sásra dearfach cistiúcháin lena dtugtar tacaíocht agus aitheantas do shárffheidhmíocht laistigh den chóras ardoideachais agus taighde. Tugadh Cistiú Feidhmíochta isteach faoin gCreat Feidhmíochta Córais 2018–2020 a bhí ann roimhe seo. Sna blianta 2019, 2021, 2022, 2023 agus 2024, dámhadh Cistiú Feidhmíochta ab fhiú €5 mhilliún d’institiúidí ardoideachais. Is féidir tuilleadh faisnéise faoi na dámhachtainí sin a aimsiú ar an rannán dar teideal ‘[Institutional Stories of Impact](#)’ ar shuíomh Gréasáin an Údaráis um Ard-Oideachas (an ÚAO).

Faoi Chreat na tréimhse 2023–2028, leanann próiseas athbhreithnithe IACS de dheis a thabhairt d’institiúidí a rannchuidithe suntasacha i leith bhaint amach na straitéise náisiúnta a thaispeáint trí thuairisc a thabhairt ar an dóigh a ndearnadh tionscnamh eiseamláireach a dhearadh agus a sholáthar agus ar na torthaí a bhí air agus trí mheasúnacht a thabhairt ar thionchar an tionscnaimh sin.

Is é seo a leanas an cuspóir atá le IACS:

- Tionchar an chórais ardoideachais agus taighde ar an tsochaí, ar an gcomhshaol agus ar an ngeilleagar ar an leibhéal áitiúil, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal idirnáisiúnta a thaispeáint.
- Tionscnaimh eiseamláireacha institiúidí ardoideachais a rannchuidigh le baint amach na straitéise náisiúnta a thaispeáint.
- Feabhas a chur ar scaipeadh an dea-chleachtais agus na foghlama ar fud an chórais.
- Fianaise a bhailiú chun bonn eolais a chur faoin déanamh beartas poiblí agus chun sainathint a dhéanamh ar réimsí sa chóras a bhféadfaí tuilleadh forbartha a dhéanamh orthu agus a bhféadfaí tuilleadh infheistíochta a dhéanamh iontu.
- An dóigh a leithdháiltear cistiú bliantúil feidhmíochta a threorú.

## 2. Próiseas an Chás-Staidéir ar an Measúnacht Tionchair

### Ceanglais incháilitheachta agus coinníollacha IACS

#### Coinníollacha ginearálta

- Mar chuid den phróiseas bliantúil um Idirphlé Straitéise agus Feidhmíochta, ceanglaítear ar institiúidí ardoideachais incháilithe<sup>1</sup> Cás-Staidéar ar an Measúnacht Tionchair (IACS) amháin a chur isteach mar institiúid aonair nó mar pháirtí i gcomhaighneacht.
- Ní cheadaítear ach aighneacht IACS amháin in aghaidh gach institiúide ardoideachais incháilithe in aghaidh na bliana, is cuma cé acu a chuirtear an aighneacht isteach mar institiúid aonair nó mar chuid de chomhaighneacht.
- Tá freagracht ar institiúidí as an n-ádh n-ádh air ina gcás-staidéir a chinneadh, rud ba cheart a bheith curtha isteach ag Oifig an Uachtaráin nó ag a coibhéis.
- Ní mór tuairisc a thabhairt san IACS ar thionscnamh de chuid na hinstitiúide ardoideachais/na n-institiúidí ardoideachais.
- Tá sé de fhreagracht ar cheann gach institiúide a dhéanann aighneacht (an tUachtarán nó a choibhéis) a chinntiú gur cruinn atá an fhaisnéis a chuirtear i láthair sa chás-staidéar, lena n-áirítear aon sonraí nó aon chur síos torthaí, agus gurb é atá sa chás-staidéar ná léiriú fírinneach ceart ar an tionscnamh agus ar an méid a rannchuidigh a institiúid leis an dearadh, leis an soláthar agus leis na torthaí a dtugtar tuairisc orthu.
- Ní mór a léiriú san IACS go bhfuil sé ailínithe le straitéisí agus beartais náisiúnta agus go bhfuil comhleanúnachas ann leis an gCreat Feidhmíochta Córais 2023–2028.
- Ar aon dul le cur chun feidhme an Chreata Feidhmíochta Córais agus an Chreata Formhaoirseachta Rialachais mar chreataí comhlántacha comhuaineacha, is réamhcheanglas le haghaidh Cistiú Feidhmíochta a rochtain é rialachas institiúideach éifeachtach.
- Tabharfar freagraí ar cheisteanna a bhaineann leis an bpróiseas IACS trí phróiseas ceisteanna coitianta. Is féidir ceisteanna a chur isteach chuig [systemperformance@hea.ie](mailto:systemperformance@hea.ie). Foilseofar ceisteanna coitianta ar an [leathanach dar teideal 'Performance Funding'](#) ar shuíomh Gréasáin an ÚAO. Tá sé de fhreagracht ar institiúidí a chinntiú go bhfuil na ceisteanna coitianta léite acu sula gcuireann siad an IACS uathu isteach.

---

<sup>1</sup> Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (ATU), Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU), Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan (DkIT), an Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta (IADT), Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan (MTU), Coláiste Mhuire gan Smál (MIC), Ollscoil Mhá Nuad (MU), an Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha (NCAD), Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt (SETU), Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (TCD), Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne (TUS), Coláiste na hOllscoile, Corcaigh (UCC), an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (UCD), Ollscoil Luimnigh (UL), agus Ollscoil na Gaillimhe.

- Ní mór aighneachtaí IACS a bheith sínithe ag Ceann na hInstitiúide sula gcuirtear isteach iad.
- Aon chás-staidéir a fhaightear tar éis an spriocdháta fhógartha le haghaidh aighneachtaí, measfar iad a bheith neamh-incháilithe lena mbreithniú le haghaidh Cistiú Feidhmíochta.

### **Cloí leis an teimpléad agus leis na huasteorainneacha leis an líon focal**

- Ba cheart an IACS a chur isteach trí úsáid a bhaint as an teimpléad inchurtha in eagar arna eisiúint ag an ÚAO mar dhoiciméad Word. Níor cheart leagan amach an teimpléid cás-staidéir a athrú. Ní bheidh ach na IACSanna sin a chuirtear isteach tríd an teimpléad arna soláthar a úsáid incháilithe le haghaidh cistiú feidhmíochta.
- Ba cheart cloí go docht san IACS leis na huasteorainneacha sonraithe leis an líon focal le haghaidh gach cuid den teimpléad, agus déanfar aon fhocail atá de bhreis ar na huasteorainneacha leis an líon focal a cheilt sula ndéanfar meastóireacht.
- Féadfar fíoracha (i.e., grianghraif, táblaí, graif agus léaráidí) a chur ar áireamh i ngach cuid den teimpléad IACS. I gcás go gcuirfeadh fíoracha isteach mar íomhánna jpeg nó PNG, is féidir go n-iarrfar ar institiúidí cóipeanna de théacs, de tháblaí agus de ghraif ó fhíoracha a sholáthar i bhformáid mhalartach comhaid chun comhaireamh uathoibríthe an lín focal a éascú.
- Tá freagracht ar institiúidí as líon focal cruinn a sholáthar, agus fíoracha á gcur ar áireamh sa líon sin:
  - Ní chuirtear sonraí ná lipéid sonraí i dtáblaí agus ar ghraif ar áireamh sna huasteorainneacha leis an líon focal.
  - Cuirtear téacs aonair, prós, nó téacs inléite laistigh d'fhíoracha ar áireamh sna huasteorainneacha leis an líon focal.
- Ní ceadmhach aguisíní breise ná hipearnaisc bhreise a sholáthar. Ní bhreithneofar aon ábhar breise a sholáthraítear, agus déanfar hipearnaisc chuig ábhar breise a bhaint nó a cheilt sula ndéanfar meastóireacht.
- Ní gá foinsí acadúla a thagairt ná a lua go foirmiúil chun críocha an IACS; Féadfar tagairtí a chur ar áireamh laistigh den insint trí lúibíní a úsáid agus cuirfeadh ar áireamh iad i líon focal na coda. Níor cheart fonótaí/iarnótaí a úsáid, agus déanfar aon téacs nó íomhánna atá lasmuigh de na boscaí teimpléid a cheilt sula ndéanfar meastóireacht.
- Tá sé de fhreagracht ar institiúidí a chinntiú, sula gcuirtear an aighneacht isteach, nár sáraíodh na huasteorainneacha leis an líon focal. Ní cheadófar cás-staidéar a chur isteach an athuair tar éis an spriocdháta.

- Féadfar ceisteanna a bhaineann le líonta focal a sheoladh chuig [systemperformance@hea.ie](mailto:systemperformance@hea.ie) agus is féidir go n-oiriúnófar na ceisteanna sin lena bhfoilsíú mar cheisteanna coitianta.<sup>2</sup>

### **Comhaighneachtaí agus dámhachtainí**

- Chun críocha an IACS, is é is comhaighneacht ann ná aighneacht a chuireann dhá cheann nó trí cinn d'institiúidí ardoideachais incháilithe isteach i gcomhpháirt. Féadfaidh trí institiúid ardoideachais incháilithe ar a mhéad dul i gcomhpháirt chun comhaighneacht a chur isteach.
- Ba cheart ceann amháin de na hinstiúidí ardoideachais is comhpháirtithe a lua mar an comhpháirtí comhordaithe chun críocha riaracháin.
- Ní mór an cás-staidéar a bheith sínithe ag Ceann Institiúide gach comhpháirtí agus ba cheart é a bheith curtha isteach ag Oifig an Uachtaráin nó ag a coibhéis de chuid an chomhpháirtí comhordaithe.
- I gcás go ndámhfar Cistiú Feidhmíochta do chomhaighneachtaí cás-staidéir, admhófar, le linn an cistiú a leithdháileadh, gur ghlac níos mó ná ceann amháin d'institiúidí ardoideachais is comhpháirtithe páirt iontu. Ós rud é go bhfuil teorainn ann leis an gCistiú Feidhmíochta a dhámhtar in aon bhliain ar leith, is féidir go ndámhfar níos lú dámhachtainí ar an iomlán mar thoradh air sin.
- Maidir le dámhachtainí do chomhaighneachtaí cás-staidéir, deonófar iad don chuibhreannas institiúidí ardoideachais incháilithe a chuireann an IACS isteach agus féadfar iad a úsáid chun tuilleadh dul chun cinn nó forbartha a dhéanamh ar an tionscnamh a dtugtar tuairisc air sa chás-staidéar nó chun tacú le tionscnamh comhoibríoch nua/le tionscnaimh chomhoibríocha nua, de réir mar a aontaíonn na hinstiúidí is comhpháirtithe.

### **Aighneacht a chur isteach an athuair**

- Maidir le IACS a cuireadh isteach roimhe seo le haghaidh cistiú feidhmíochta agus nár dámhadh Cistiú Feidhmíochta d'institiúid ardoideachais mar thoradh air, féadfar é a chur isteach an athuair le haghaidh meastóireacht a dhéanamh air. Ba cheart freagrúlacht don aiseolas arna thabhairt i bpróisis mheastóireachta roimhe a thaispeáint san IACS a chuirtear isteach an athuair.
- Maidir le IACS a cuireadh isteach roimhe seo le haghaidh cistiú feidhmíochta agus nár dámhadh Cistiú Feidhmíochta d'institiúid ardoideachais mar thoradh air, ní fhéadfar é a chur isteach an athuair le haghaidh meastóireacht a dhéanamh air.
- Maidir le cás-staidéar ina léirítear tionscnamh ar díriodh air i gcás-staidéar ar dámhadh Cistiú Feidhmíochta dó roimhe seo, ní bheidh sé incháilithe lena bhreithniú le

---

<sup>2</sup> Cé go ndéanfar gach uile iarracht freagra pras a sholáthar, tabhair faoi deara go moltar d'institiúidí ardoideachais comhairle nó soiléiriú a iarraidh tamall maith roimh an spriodháta.

haghaidh Cistiú Feidhmíochta ach amháin más rud é gur tháinig forbairt shubstainteach ar an tionscnamh thar thréimhse ama is mó ná timthriall Creata Feidhmíochta Córais amháin. Ní mór d’institiúidí atá ag smaoineamh ar aighneacht den sórt sin a dhéanamh teagmháil a dhéanamh leis an ÚAO ([systemperformance@hea.ie](mailto:systemperformance@hea.ie)) chun an ceanglas incháilitheachta sin a phlé.

### **Próiseas an chinnidh ar incháilitheacht**

- Seolfaidh an ÚAO athbhreithniú tosaigh ar aighneachtaí ar aon dul leis na ceanglais agus na coinníollacha atá mionsonraithe thuas.
- Déanfar bearta chun a chinntiú gur phléigh na hinstiúidí leis na gnéithe riachtanacha den Chreat Formhaoirseachta Rialachais agus, i gcás go dtiocfaidh fadhbanna aníos, féadfaidh an ÚAO a mheas nach bhfuil institiúid incháilithe le haghaidh Cistiú Feidhmíochta a fháil.
- Cuirfear in iúl d’institiúidí i scríbhinn má chinntear nach bhfuil an IACS incháilithe le haghaidh Cistiú Feidhmíochta. Cinneadh críochnaitheach a bheidh sa chinneadh ón ÚAO.
- Gheobhaidh institiúidí aiseolas scríofa faoin IACS, de réir an phróisis meastóireachta thíos, beag beann ar an incháilitheacht le haghaidh cistiú a fháil.

## **Meastóireacht ar an gcás-staidéar**

### **Painéal Meastóireachta**

- Tacóidh sainphainéal meastóireachta (an Painéal), a bheidh comhdhéanta de cheathrar meastóirí ar a laghad a bheidh ceaptha ag an ÚAO, le meastóireacht a dhéanamh ar na IACSanna.
- Beidh eolas ábhartha ag baill an Phainéil ar an ardoideachas agus beidh taithí acu ar phróisis mheastóireachta, agus cuirfear cothromaíocht inscne, taithí ar an bpróiseas IACS de chuid an ÚAO, suíomh geografach agus saineolas araíonachta san áireamh le linn an Painéal a chur le chéile.
- Beidh rochtain ag an bPainéal ar gach cás-staidéar a chuirtear isteach.
- Cuirfear Comhaontuithe Feidhmíochta ar fáil do mheastóirí mar fhoinsé faisnéise comhthéacsúla.

### **Athbhreithniú agus scóráil**

- Déanfaidh beirt bhall den Phainéal athbhreithniú neamhspleách ar gach cás-staidéar ar leith trí úsáid a bhaint as na critéir mheastóireachta atá leagtha amach i dTábla 1 (thíos), agus breithniú cuí á dhéanamh ar ábharthacht, éifeachtacht, tionchar agus cáilíocht an IACS.
- Taifeadfar measúnú ar a mhéid a chomhlíonann cás-staidéar ar leith gach critéar trí úsáid a bhaint as an rúibric scórála atá leagtha amach i dTábla 2, agus ríomhfar an scór

foriomlán trí úsáid a bhaint as na hualuithe atá leagtha amach sa scéim mharcála i dTábla 3. Chun go gcuirfear san áireamh iad sa scóráil, ní mór fianaise chuí inchreidte a bheith ag gabháil le dearbhuithe, le toimhdí agus le conclúidí.

- Cuirfidh an bheirt bhall den Phainéal scór agus tráchtairacht scríofa isteach ar leithligh trí theimpléad arna sholáthar ag an ÚAO.
- Rangófar an IACS de réir mheán an dá scór.
- Roimh chruinniú comhthola de chuid an Phainéil, tabharfar na scóir thosaigh agus an rangú tosaigh do gach ball den Phainéal. Tabharfar an t-eolas is déanaí don Phainéal faoi aon chinntí ar incháilitheacht roimh an gcruinniú comhthola freisin.

### **Comhthoil agus moltaí**

- Tionólfadh an ÚAO cruinniú den Phainéal chun na IACSanna a phlé agus chun scóir dheiridh le haghaidh gach IACS agus an rangú foriomlán a chomhaontú. Déanfaidh an ÚAO cathaoirleacht ar an gcruinniú.
- Maidir le difríochtaí idir na scóir a bhronnann na baill den Phainéal (i ndáil le cás-staidéar ar leith) ar difríochtaí iad atá ann fós tar éis plé ag an gcruinniú comhthola agus a bhaineann le hábhar maidir le cinntí cistiúcháin, breithneoidh an Phainéal iad. Is féidir go gcinneadh an Phainéal go mbeidh athbhreithniú agus marcáil ag tríú ball den Phainéal ag teastáil i gcás ar leith, agus gheofar meán na dtrí scór sa chás sin.
- In imthosca ina bhfuil an meánscór céanna ag dhá chás-staidéar nó níos mó, agus i gcás go mbainfidh sé sin le hábhar maidir le cinntí cistiúcháin, leagfar ualú níos troime ar an scór a bhronntar i leith tionchair go sonrath.
- Agus tagairt á déanamh aige don rangú agus do na scóir a thugtar do na IACSanna, déanfaidh an Phainéal moltaí don ÚAO maidir le leithdháiltí cistiúcháin ar institiúidí incháilithe.
- Cuirfear in iúl don Phainéal nach molfar ach líon beag cás-staidéar le haghaidh dámhachtana toisc go bhfuil teorainn ann leis an gcistiú atá ar fáil agus toisc nach ndámhtar cistiú ach amháin chun aitheantas a thabhairt d'fheidhmíocht eiseamláireach.
- Fostófar iniúcháirí próisis chun measúnú neamhspleách a dhéanamh ar a láidre agus a chothroime atá an próiseas foriomlán, ar aon dul leis na nósanna imeachta agus na treoirlínte arna soláthar. Freastalóidh iniúcháirí próisis ar chruinnithe leis an ÚAO agus leis an bPhainéal chun comhsheasmhacht agus trédhearcacht a chinntiú.



## Iarmheastóireacht agus leithdháileadh an Chistiúcháin Feidhmíochta

- Tabharfar páipéar ina dtabharfar breac-chuntas ar mholtaí an Phainéil maidir le leithdháileadh an Chistiúcháin Feidhmíochta atá ar fáil do Bhord an ÚAO lena athbhreithniú agus lena cheadú.
- Déanfar na leithdháiltí cistiúcháin ceadaithe agus mionsonraí faoi na cás-staidéir uile a fuarthas a chomhroinnt leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.
- Cuirfear institiúidí ardoideachais ar an eolas faoin toradh ar an bpróiseas meastóireachta IACS, agus é faoi lánchosc, agus tabharfar aiseolas scríofa dóibh.
- De réir an chuspóra atá le IACS, is é sin feabhas a chur ar scaipeadh na foghlama ar fud an chórais, foilseoidh an ÚAO achoimrí ar chás-staidéir rathúla mar [‘Stories of Impact’](#) ar shuíomh gréasáin an ÚAO agus poibleoidh sé iad ar chainéil meán traidisiúnta agus sóisialta. Rachaidh an ÚAO i dteagmháil leis na hinstitiúidí ardoideachais a ndámhtar Cistiú Feidhmíochta dóibh maidir leis an bhfaisnéis is gá chun an dámhachtain a phoibliú.
- Íocfar an cistiú leis na hinstitiúidí ar fhoirm glactha shínithe a fháil ar ais ó na hinstitiúidí.
- Féadfar Cistiú Feidhmíochta a úsáid chun dul chun cinn a dhéanamh ar thionscnaimh atá ann cheana nó chun na tionscnaimh sin a leathnú, nó féadfar é a úsáid chun cistiú a dhéanamh ar thionscnaimh nua a rannchuidíonn le straitéisí agus beartais náisiúnta a bhaint amach, ar aon dul leis an gCreat Feidhmíochta Córais 2023-2028.
- Ceanglófar ar institiúidí ardoideachais a ndámhtar Cistiú Feidhmíochta dóibh creataí faireacháin agus meastóireachta agus buiséid le haghaidh a dtionscadal beartaithe a chur faoi bhráid an ÚAO sula gcuirfear tús leo. I gcás dámhachtainí cuibhreannais, is í an institiúid is comhpháirtí comhordaithe a chuirfidh pleananna tionscadal beartaithe isteach.
- Ceanglófar ar institiúidí ardoideachais cloí ar feadh fhad a dtionscadal Cistiúcháin Feidhmíochta leis na ceanglais tuairiscithe agus faireacháin atá leagtha amach ag an ÚAO.
- Trí bliana a bheidh sa tréimhse cistiúcháin le haghaidh tionscadail Cistiúcháin Feidhmíochta. Féadfaidh institiúidí ardoideachais an cistiú a dhámhtar a úsáid chun tacú le tionscadal amháin nó chun tacú le trí thionscadal ar leith ar a mhéad, agus an buiséad íosta le haghaidh tionscadail cothrom le €250,000.

### 3. Critéir mheastóireachta, scóráil agus ualú

Déanfar meastóireacht ar chás-staidéir trí úsáid a bhaint as na ceithre chritéar meastóireachta i dTábla 1: Critéir mheastóireachta. Úsáidfear na critéir sin i ngach cuid den teimpléad IACS. Bronnfar scór (as 5) i leith gach critéir bunaithe ar a mhéid a chomhlíon an IACS an critéar trí úsáid a bhaint as an rúibric atá leagtha amach i dTábla 2: Rúibric scórála. Déanfar an scór foriomlán le haghaidh an chás-staidéir a ríomh ansin bunaithe ar na hualuithe le haghaidh gach critéir atá leagtha amach sa Scéim Mharcála i dTábla 3.

Anuas air sin, is ar fáil i dTábla 1 atá liosta táscach de na saintréithe is féidir a thaispeáint chun aghaidh a thabhairt ar gach critéar. Ba cheart fianaise shoiléir inchreidte a bheith ag gabháil le haon dearbhuithe, le haon toimhdí agus le haon chonclúidí.

#### Tábla 1: Critéir mheastóireachta<sup>3</sup>

Ábharthacht
D'fhreagair cuspóir(í) agus dearadh an tionscnaimh don straitéis agus beartas náisiúnta, do chomhthéacs na hinstitiúide, do riachtanais na dtairbhithé, agus do na himthosca atá ag teacht chun cinn.
<p>Is féidir aghaidh a thabhairt ar an gcritéar seo trí na nithe seo a leanas, mar shampla, a thaispeáint:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• A mhéid atá cuspóirí agus dearadh an tionscnaimh ailínithe le beartais agus straitéisí na hinstitiúide agus le beartais agus straitéisí náisiúnta.</li> <li>• Dearadh tionscnaimh atá bunaithe ar riachtanais, agus bonn fianaise inchreidte ag gabháil leis: <ul style="list-style-type: none"> <li>○ Sainithint na ndeiseanna agus na ndúshlán;</li> <li>○ Sainithint na dtairbhithé beartaithe;</li> <li>○ Meastóireacht ar riachtanais na dtairbhithé;</li> <li>○ Meastóireacht agus anailís ar fheidhmíocht bhonnlíne na hinstitiúide, agus tagairt á déanamh do shonraí agus do thagarmharcáil;</li> <li>○ Bonn taighde agus/nó athbhreithniú ar an dea-chleachtas.</li> </ul> </li> <li>• Comhlántacht/comhoiriúnacht le struchtúir agus/nó tionscnaimh ábhartha/ghaolmhara atá ann cheana san institiúid, san earnáil nó sa tír.</li> <li>• Freagrúlacht don chomhthéacs atá ag teacht chun cinn.</li> </ul>

<sup>3</sup> Rinneadh na critéir mheastóireachta sin a oiriúnú ó na sé chritéar atá leagtha amach in ECFE (2019), *Better Criteria for Better Evaluation: Revised Evaluation Criteria Definitions and Principles for Use*, Lónra ECFE/DAC um Meastóireacht Forbartha, <https://www.oecd.org/dac/evaluation>.

## Éifeachtacht

D'éirigh le cur chun feidhme an tionscnaimh maidir lena chuspóir(i) santaithe agus lena thorthaí santaithe a bhaint amach laistigh den tréimhse ama luaite, lena n-áirítear aon torthaí difreálacha ar fud grúpaí.

Is féidir aghaidh a thabhairt ar an gcritéar seo trí na nithe seo a leanas, mar shampla, a thaispeáint:

- Sásraí láidre measúnachta agus meastóireachta, lena n-áirítear sainaitheint na dtáscairí ratha.
- Úsáid éifeachtúil straitéiseach na n-acmhainní atá ar fáil.
- Torthaí intomhaiste ar leibhéal an aschuir, i.e., bunspríocanna inghnóthaithe in am, baint amach na ngarspríocanna, nó tairbhí díreacha láithreacha do na tairbhíthe beartaithe.
- Léargais loighciúla fhianaisebhunaithe agus ceachtanna foghlamtha ó aiseolas foirmitheach nó ó mheastóireacht ar an tionscnamh.
- Feabhsuithe le himeacht ama ar thorthaí a bhaineann leis an bhfoghlaim agus leis an oiriúnú.
- Rannchuidiú le spríocanna náisiúnta a bhaint amach.
- Baint amach chuspóir(i) santaithe an tionscnaimh.

## Tionchar<sup>4</sup>

Ghin an tionscnamh<sup>5</sup> éifeachtaí suntasacha, dearfacha agus fadtéarmacha agus/nó claochlaitheacha lasmuigh den saol acadúil.<sup>6</sup>

Is féidir aghaidh a thabhairt ar an gcritéar seo trína thaispeáint gur baineadh tionchair amach agus trí chlúdach agus tábhacht na dtionchar sin a thaispeáint, mar atá mínithe i gCuid 3.3 den teimpléad. Is féidir aghaidh a thabhairt air trí fhianaise inchreidte a thabhairt ar na nithe seo a leanas, mar shampla:

- Feabhsuithe intomhaiste ar fholláine na dtairbhíthe agus/nó feabhsuithe inchreidte ar ionchais na dtairbhíthe.

<sup>4</sup> Tuigtear gurb é atá i gceist leis an téarma 'tionchar' anseo ná critéar, agus an bhrí sin difriúil leis an mbrí atá leis i gCuid 3.3 'Tionchair', áit a leagann institiúidí torthaí a dtionscnaimh amach.

<sup>5</sup> Úsáidtear an frása 'ghin' anseo chun tagairt a dhéanamh do na héifeachtaí sin atá mar thoradh ar ghníomhartha nó idirghabhálacha an tionscnaimh go dtí seo nó a bhfuiltear ag tuar go réasúnach go mbeidh siad mar thoradh orthu. Tá sé sin i gcodarsnacht leis na héifeachtaí sin a d'fhéadfaí a ghiniúint sa todhchaí dá mba rud é go leanfaí an tionscnamh ar aghaidh nó go leathnófaí é. Ní thagann an dara rogha sin faoi raon feidhme an chritéir seo.

<sup>6</sup> Ar aon dul leis an míniú atá tugtha sa teimpléad IACS, is í an bhrí atá le 'lasmuigh den saol acadúil' ná 'go n-eisiatar tionchair ar thaighde nó ar eolas acadúil a chur ar aghaidh laistigh de na hearnálacha ardoideachais (bíodh siad in Éirinn nó thar lear).' Cuirtear tionchair 'ar mhic léinn, ar ghníomhaíochtaí teagaisc nó ar ghníomhaíochtaí eile laistigh den institiúid ardoideachais atá ag cur aighneacht isteach agus lasmuigh di araon' ar áireamh, áfach.

- Laghdú intomhaiste nó cosc inchreidte ar dhochar, ar riosca nó ar chostas do na tairbhithe nó ar éifeachtaí diúltacha eile orthu.
- Cur i bhfeidhm níos leithne (chuig institiúid eile nó chuig comhthéacs eile) a dhéanamh ar na léargais agus na ceachtanna foghlamtha a d’eascair as scaipeadh nó rannpháirtíocht ag an tionscnamh.
- Athruithe ar bheartais nó ar chleachtais mar thoradh ar chomhairle nó eolas a thabhairt do gheallsealbhóirí agus/nó do dhéantóirí beartas.
- Rannchuidiú le cuspóirí náisiúnta a bhaint amach.
- Athrú ar an dioscúrsa poiblí maidir leis an tsaincheist/na saincheistanna a dtugann an tionscnamh aghaidh orthu.
- Athruithe iomlánaíocha seasmhacha ar chórais nó ar noirm.
- Bailíochtú seachtrach an mhéid a baineadh amach, amhail dámhachtainí, rangú, barúlacha ó scrúdaitheoirí seachtracha, agus aiseolas ó phróiseas neamhspleách meastóireachta.

### Cáilíocht

Tugtar sa chás-staidéar cuntas soiléir stuama ar an tionscnamh, agus fianaise ar ábharthacht, éifeachtacht agus tionchar an tionscnaimh á cur i láthair go cruinn agus go cuí.

Is féidir aghaidh a thabhairt ar an gcritéar seo trí na nithe seo a leanas a thaispeáint:

- Insint shoiléir stuama nach ndírítear ach ar thionscnamh aonair inti.
- Cur i láthair cruinn soiléir na faisnéise agus na sonraí, lena n-áirítear:
  - Cur i láthair agus comhthéacsú soiléir na sonraí cáilíochtúla/cainníochtúla.
  - Cur síos soiléir na dtorthaí d’idirghabhálacha.
  - Léiriú soiléir ar ról na hinstitiúide ardoideachais/na n-institiúidí ardoideachais nó ar ról an chomhpháirtí/na gcomhpháirtithe sa tionscnamh/léiriú soiléir ar an méid a rannchuidigh an institiúid ardoideachais/na hinstitiúidí ardoideachais nó an comhpháirtí/na comhpháirtithe leis na torthaí.

## Tábla 2: Rúibric scórála

Scór	Tuairisceoir	
1	<b>Lag</b>	Tugtar aghaidh ar an gcritéar go neamh-leordhóthanach nó is ann do roinnt laigí dúchasacha tromchúiseacha.
2	<b>Measartha</b>	Tugtar aghaidh sa chás-staidéar ar an gcritéar den chuid is mó, ach is ann do laigí suntasacha.
3	<b>Go maith</b>	Tugtar aghaidh sa chás-staidéar ar an gcritéar go maith, ach is ann do roinnt easnamh.
4	<b>Go han-mhaith</b>	Tugtar aghaidh sa chás-staidéar ar an gcritéar go han-mhaith, ach is ann do líon beag easnamh.
5	<b>Go sármhaith</b>	Tugtar aghaidh sa chás-staidéar ar na gnéithe ábhartha uile den chritéar go rathúil. Is easnaimh bheaga iad aon easnaimh.

## Tábla 3: Scéim mharcála

Critéir	Scór Uasta	Ualú	Na marcanna atá ar fáil
Ábharthacht	5/5	4	20/100
Éifeachtacht	5/5	5	25/100
Tionchar	5/5	8	40/100
Cáilíocht	5/5	3	15/100

## 4. Comhairle maidir le cás-staidéar a ullmhú

### Tionscnaimh a shainaithint

- Tá freagracht ar institiúidí as an ní a ndíreofar air ina gcás-staidéar a chinneadh. Ós rud é gur ceanglas de chuid an Chreata Feidhmíochta Córais 2023–2028 é cás-staidéar a chur isteach gach bliain, féadfar tús a chur le pleanáil le haghaidh cás-staidéar a chur isteach sula n-osclaítear an glao.
- Ó tharla go mbaintear an tionchar amach thar an meántearma nó an fadtearma, moltar go gcuirfeadh institiúidí tús le pleanáil le haghaidh aighneachtaí IACS i mblianta sa todhcháí.
- Spreagtar institiúidí chun feacht ar an bpróiseas IACS a chur chun cinn ar fud na hinstitiúide, agus is féidir go gcabhróidh glao inmheánach le tionscnaimh oiriúnacha a shainaithint. Má scaiptear faisnéis faoi [thimthriallta dámhachtana IACS](#) roimhe seo, is féidir go gcuirfead feabhas freisin ar an bhfeacht ar mhodheolaíochtaí foirmiúla is féidir a úsáid chun meastóireacht a dhéanamh ar thionscnaimh.
- Is é an toradh a bheidh ar shásraí meastóireachta fianaisebhunaithe a chur chun feidhme ó thús an tionscnaimh i leith agus ar mheasúnacht thráthrialta a dhéanamh ar an dul chun cinn ná go dtacófar leis an measúnacht tionchair a theastaíonn le haghaidh cás-staidéir.
- Ní dóigh gurb oiriúnach do chás-staidéar a bheidh tionscnaimh atá ar siúl le tréimhse ghairid anuas.

Agus breithniú á dhéanamh ar thionscnaimh a roghnú mar chás-staidéar, is féidir go mbeidh na ceisteanna seo a leanas ina gcabhair:

#### **An raibh tionchair ‘lasmuigh den saol acadúil’ ann mar thoradh ar an tionscnaimh?**

- Tá sé riachtanach go roghnófaí tionscnaimh a bhain tionchair amach ‘lasmuigh den saol acadúil’, rud a chiallaíonn éifeachtaí nó athruithe ar an ngeilleagar, ar an tsochaí, ar an gcultúr, ar an mbeartas poiblí, ar na seirbhísí poiblí, ar an tsláinte, ar an gcomhshaol nó ar cháilíocht na beatha, nó tairbhí dóibh sin. Is féidir go n-áireofar leo sin tionchair ‘ar mhic léinn, ar ghníomhaíochtaí teagaisc nó ar ghníomhaíochtaí eile laistigh den institiúid ardoideachais atá ag cur aighneacht isteach agus/nó lasmuigh di araon’. Chun críocha na meastóireachta ar an IACS, eisiatar an tionchar ‘ar thaighde nó ar eolas acadúil a chur ar aghaidh laistigh de na hearnálacha ardoideachais (bíodh siad in Éirinn nó thar lear)’.<sup>7</sup>

<sup>7</sup> Féach an míniú ar an téarma ‘Tionchar’ don REF in REF 2021: Guidance on submissions [https://2021.ref.ac.uk/media/1447/ref-2019\\_01-guidance-on-submissions.pdf](https://2021.ref.ac.uk/media/1447/ref-2019_01-guidance-on-submissions.pdf)

### **An bhfuil dóthain dul chun cinn déanta ar an tionscnamh?**

- Chun tionchar a thaispeáint thar an meántéarma nó an fadtéarma, is iad tionscnaimh a thosaigh trí bliana nó níos mó ó shin na tionscnaimh is oiriúnaí dá roghnú. Níor cheart d’institiúidí díriú ar thionscnaimh nach bhfuil mórán forbartha déanta orthu.

### **An bhfuil an tionscnamh ailínithe ón taobh straitéiseach de agus ábhartha?**

- Ní mór a léiriú san IACS go bhfuil sé ailínithe le straitéisí agus beartais náisiúnta (féach Aguisín 2) agus go bhfuil comhleanúnachas ann leis an [gCreat Feidhmíochta Córais 2023–2028](#).
- Is féidir gurbh fhiú breithniú a dhéanamh ar a mhéid a bhí dearadh nó forbairt an tionscnaimh bunaithe ar fhianaise, e.g., anailís ar shonraí inmheánacha agus/nó ar shonraí seachtracha; comhairliúchán le geallsealbhóirí nó aiseolas uathu; próisis athbhreithnithe agus moltaí athbhreithnithe; an dea-chleachtas ábhartha; nó fionnachtana taighde roimhe seo.

### **An tionscnamh eiseamláireach é?**

- Beidh ceachtanna foghlamtha ginte ag tionscnaimh atá éifeachtach agus a bhfuil tionchar leo agus is féidir gur rannchuidigh siad cheana féin le beartas nó cleachtas feabhsaithe lasmuigh den institiúid féin.
- De bhua a n-ábharthachta agus a n-éifeachtachta, tugtar le tionscnaimh eiseamláir nó samhail a d’fhéadfaí a leanúint nó a mhacasamhlú.

### **An bhfuil dóthain sonraí ar fáil chun éifeachtacht agus tionchar an tionscnaimh a thaispeáint?**

- Beidh fianaise infhíoraithe ag teastáil chun éifeachtacht agus tionchar an tionscnaimh a thaispeáint.
- Ba cheart sonraí cainníochtúla agus cáilíochtúla, bonnlínte tagartha nó tagarmharcáil a bheith mar thaca le haidhmeanna, spriocanna agus torthaí an tionscnaimh chun an dul chun cinn a thaispeáint agus chun an rath a mheas.
- Mura bhfuil dóthain sonraí agus fianaise ar fáil chun bunús a thabhairt le ráitis faoi láidreachtaí agus tairbhí an tionscnaimh, is féidir nach mbeidh an tionscnamh réidh lena chur isteach mar chás-staidéar.

## An cás-staidéar a scríobh

Is é cuspóir an chás-staidéir ná tuairisc a thabhairt ar thionscnamh eiseamláireach agus a thionchar a léiriú, agus leas á bhaint as fianaise a bailíodh trí mheastóireacht agus measúnú na hinstitiúide féin.

### Díriú agus comhleanúnachas

- Ba cheart díriú sa chás-staidéar ar thionscnamh nó tionscadal comhleanúnach amháin. Níor cheart roinnt tionscnamh nach bhfuil sách comhtháite ná sách nasctha lena chéile a chuimsiú ann.
- Ní mór raon feidhme agus paraiméadair an tionscnaimh a ndírítear air sa mheasúnacht tionchair a bheith sainithe go soiléir sa chás-staidéar.
- Ba cheart insint shoiléir ina dtaispeántar conas a tháinig torthaí agus tionchair as gníomhartha/idirghabhálacha a bheith ag cás-staidéir.
- Ba cheart tuairisc agus fianaise a thabhairt i gcás-staidéir ar thorthaí agus tionchair a baineadh amach go dtí seo, lena n-áirítear aon cheachtanna foghlamtha agus aon chomhroinnt dea-chleachtais a chur in iúl.
- Níor cheart tuairisc iomarcach a thabhairt ar ghníomhaíochtaí, ar phróisis ná ar uaimhianta nó spriocanna sa todhchaí.

### Soiléire

- Ba cheart cás-staidéir a bheith scríofa i dteanga atá intuigthe do spriocphobal nach spriocphobal speisialtóirí é.
- Ba cheart saintearmaíocht, téarmaíocht theicniúil, acrainmneacha nó tagairtí áitiúla nach mbeadh sothuigthe do phainéal idirnáisiúnta a mhíniú nó ba cheart iad sin a sheachaint.
- Ba cheart sonraí, go háirithe sonraí cainníochtúla, a chomhthéacsú agus a chur i láthair go soiléir.
- Chun earráidí a mhaolú agus chun soiléire a chinntiú, moltar go ndéanfaí léamh profaí agus eagarthóireacht chóipe. Is féidir go gcuirfidh sásra athbhreithnithe inmheánaigh agus ceadaithe feabhas ar cháilíocht an chás-staidéir. Is féidir go gcabhróidh athbhreithniú ag duine éigin nach bhfuil ar an eolas faoin tionscnamh nó faoin réimse le pointí a dteastaíonn soiléiriú ina leith a shainaithint chun tacú lena inléite agus lena intuigthe atá an cás-staidéar.

### Fianaise

- Ní mór úsáid a bhaint i gcás-staidéir as dóthain sonraí cainníochtúla agus cáilíochtúla ón tionscnamh chun fianaise a thabhairt ar thorthaí agus ar an tionchar.



- D'fhéadfaí go n-áireofaí iad seo a leanas leis na samplaí de bhonn láidir fianaise le haghaidh ratha: na torthaí ar shuirbhéanna ar rannpháirtithe agus na teistiméireachtaí uathu; torthaí i gcomparáid le spriocanna inchainníochtaithe sonracha nó in aghaidh táscairí réamhshainithe ratha; glacadh fóraithe níos leithne nó tionchar fóraithe níos leithne; tagairtí don tionscnamh i ndoiciméid beartais/straitéise náisiúnta; nó cur i bhfeidhm an tionscnaimh in eagraíocht eile, i ndlínse eile nó i suíomh eile.
- Scóráiltear cás-staidéir bunaithe ar thionchar taispeánta an tionscnaimh, agus ní ar chur in iúl na n-aidhmeanna agus na hacmhainneachta amach anseo atá aige.
- Ba cheart cumas láidir chun machnamh criticiúil a dhéanamh agus chun foghlaim ón measúnacht ar an tionscnamh a thaispeáint i gcás-staidéir.

Is féidir achoimrí ar na IACSanna ar dámhadh Cistiú Feidhmíochta dóibh i mblianta roimhe a léamh ar an [rannán dar teideal 'Institutional Stories of Impact' ar shuíomh Gréasáin an ÚAO](#).

Tá tuilleadh treorach maidir le ceanglais na haighneachta leabaithe sa teimpléad IACS (féach Aguisín 1 le haghaidh sampla léiritheach den teimpléad IACS).

## Aguisín 1: Teimpléad samplach IACS

### 1. Mionsonraí maidir leis an aighneacht chás-staidéir

Ainm na hinstiúide: (I gcás comhaighneachtaí, luaigh an instiúid is comhpháirtí comhordaithe)	
Teideal an chás-staidéir: (10 bhfocal ar a mhéad):	
Aighneacht aonair nó comhaighneacht:	
I gcás comhaighneachtaí, liostaigh na hinstiúidí is comhpháirtithe:	
Ainm an phríomhtheagmhálaí:	
Teideal an ról/an phoist:	
Seoladh ríomhphoist:	

### 2. Forbhreathnú

#### 2.1 Achoimre ar an tionscnamh

Tabhair achoimre achomair ar an tionscnamh a ndírítear air sa chás-staidéar. Uasteorainn leis an líon focal: 60
[Líon focal: ]

#### 2.2 Tréimhse cur chun feidhme

Cuir in iúl cén uair a thosaigh agus a chríochnaigh an tionscnamh agus cé acu atá sé ar siúl fós nó nach bhfuil. Uasteorainn leis an líon focal: 30
[Líon focal: ]

#### 2.3 Ailíniú leis an [gCreat Feidhmíochta Córais 2023–2028](#)

Roghnaigh an Colún/na Colúin	Roghnaigh an réimse trasnaí ábhartha tionchair/na réimsí
------------------------------	--

ábhartha	trasnaí ábhartha tionchair (trí cinn ar a mhéad).
Teagasc agus Foghlaim <input type="checkbox"/>	Roghnaigh an réimse trasnaí.
Taighde agus Nuálaíocht <input type="checkbox"/>	Roghnaigh an réimse trasnaí.
Rochtain agus Rannpháirtíocht <input type="checkbox"/>	Roghnaigh an réimse trasnaí.
Teagmháil <input type="checkbox"/>	Roghnaigh an réimse trasnaí.

## 2.4 Beartais agus straitéisí náisiúnta agus idirnáisiúnta atá ábhartha

Liostaigh cúig cinn ar a mhéad de phríomhbheartais náisiúnta agus idirnáisiúnta agus/nó de phríomhstraitéisí náisiúnta agus idirnáisiúnta atá ábhartha don tionscnamh (féach Aguisín 1 den [Chreat Feidhmíochta Córais 2023–2028](#) le haghaidh liosta tagartha a fheiceáil).

- 1.
- 2.
- 3.
- n.

## 3. Cás-staidéar ar an measúnacht tionchair

### 3.1 Cuspóir, raon feidhme agus dearadh

Tabhair breac-chuntas ar chuspóir, raon feidhme agus dearadh an tionscnaimh. Ba cheart faisnéis a thabhairt faoin gcomhthéacs, faoin réasúnaíocht agus faoin mbonn fianaise le haghaidh an tionscnaimh, agus tagairt á déanamh do na nithe seo a leanas:

- An comhthéacs straitéise náisiúnta agus/nó an comhthéacs beartais náisiúnta don tionscnamh.
- Deiseanna agus/nó dúshláin a raibh an tionscnamh deartha chun freagairt dóibh, agus tagairt á déanamh d'anailís ar shonraí bonnlíne agus ar shonraí tagarmharcála, de réir mar is ábhartha.
- Na haonaid bainistíochta agus tacaíochta acadúla agus/nó na haonaid bainistíochta agus tacaíochta gairmiúla a thionscain agus/nó a stiúir an tionscnamh agus aon chomhoibriú seachtrach nó aon chomhpháirtíocht sheachtrach (cibé acu laistigh den chóras ardoideachais nó le grúpaí/comhpháirtithe eile), de réir mar is ábhartha.
- An sprioc bhunaidh agus/nó an cuspóir bunaidh/na cuspóirí bunaidh agus na tairbhíthe beartaithe.
- Taighde agus fianaise a bhí mar bhonn eolais faoi dhearadh an tionscnaimh.
- Cur ar áireamh aon fhoghlama ó thionscnaimh a rinneadh roimhe seo nó atá inchomparáide.

- Aon sásraí measúnachta nó meastóireachta a forbraíodh.

Uasteorainn leis an líon focal: 600

[Líon focal, fíoracha san áireamh: ]

### 3.2 Cur chun feidhme

Tabhair breac-chuntas ar chur chun feidhme an tionscnaimh agus tabhair measúnú ar a éifeachtaí a bhí sé. Ba cheart faisnéis faoi na nithe seo a leanas a bheith ar áireamh ansin, ach gan a bheith teoranta di:

- Cur i bhfeidhm an tionscnaimh, amhail príomhghníomhartha agus garspriocanna, infhaighteacht agus imscaradh na n-acmhainní chun tacú le cur chun feidhme agus úsáid na n-acmhainní sin.
- Scála agus torthaí láithreacha ghníomhaíochtaí an tionscnaimh, i.e., bunspríocanna inghnóthaithe/aschuir, agus tagairt á déanamh do bhonnlínte, do spriocanna, agus do thagarmharcanna nó do chásanna frithfhíorasacha.
- Aon athruithe ar an tionscnamh thar an tréimhse cur chun feidhme, agus tagairt á déanamh do na nithe seo a leanas:
  - aon tosca seachtracha agus/nó an comhthéacs atá ag teacht chun cinn.
  - aon athrú ar an tionscnamh mar fhreagairt do cheachtanna foghlamtha thar shaolré an tionscnaimh.
- Aon fheabhsuithe breathnaithe ar éifeachtacht an tionscnaimh le himeacht ama.
- Measúnú ar a éifeachtaí a bhí an cur chun feidhme.
- Léargais agus ceachtanna foghlamtha ón bhfaireachán, ón measúnacht, agus ón meastóireacht.

Uasteorainn leis an líon focal: 900

[Líon focal, fíoracha san áireamh: ]

### 3.3 Tionchair

Sa chomhthéacs seo, mínítear **‘tionchar’** mar a leanas: ‘éifeacht nó athrú ar an ngeilleagar, ar an tsochaí, ar an gcultúr, ar an mbeartas poiblí, ar na seirbhísí poiblí, ar an tsláinte, ar an gcomhshaol nó ar cháilíocht na beatha, nó tairbhí dóibh sin, lasmuigh den saol acadúil’.

Ba cheart tionchair a thomhas ó thaobh **a gclúdaigh agus a dtábhachta** de:

- Tuigtear **‘clúdach’** mar a leanas: ‘fairsinge agus/nó éagsúlacht thairbhithe an tionchair, a mhéid atá ábhartha do chineál an tionchair.’
- Tuigtear **‘tábhacht’** mar a leanas: ‘a mhéid a chumasaigh, a shaibhrigh nó a d’athraigh an tionchar feidhmíocht, beartais, cleachtais, táirgí, seirbhísí, tuiscint,

feasacht nó folláine na dtairbhithé nó a mhéid a chuaigh an tionchar i gcion orthu sin nó a bhí sé mar bhonn eolais fúthu’.

Is í an bhrí atá leis an téarma ‘**lasmuigh den saol acadúil**’ ná go n-eisiatar ‘tionchair ar thaighde nó ar eolas acadúil a chur ar aghaidh laistigh de na hearnálacha ardoideachais’ (bíodh siad in Éirinn nó thar lear). Cuirtear tionchair ‘ar mhic léinn, ar ghníomhaíochtaí teagaisc nó ar ghníomhaíochtaí eile laistigh den institiúid ardoideachais atá ag cur aighneacht isteach agus lasmuigh di aron’ ar áireamh, áfach.<sup>8</sup>

Tabhair tuairisc mhionsonraithe ar na tionchair a bhain an tionscnamh amach agus/nó ar rannchuidigh sé leo, agus fianaise láidir chainníochtúil agus/nó cháilíochtúil agus sonraí bonnlíne mar thaca léi. Ba cheart faisnéis faoi na nithe seo a leanas a bheith ar áireamh ansin, ach gan a bheith teoranta di:

- Na tairbhithé (cén pobal, toghcheantar nó eagraíocht a bhain tairbhe as) agus cineál na dtionchar (conas a bhain siad tairbhe as), agus tagairt á déanamh do tháscairí ratha agus/nó do spriocanna i gcás gurb ábhartha.
- Tionchair dhifreálacha idir grúpaí difriúla daoine, agus iad cainníochtaithe agus imdhealaithe go cuí i gcás gurb ábhartha.
- Clúdach agus tábhacht na dtionchar, agus tagairt á déanamh do bhonnlínte, do spriocanna, agus do thagarmharcanna nó do chásanna frithfhórasacha, de réir mar is ábhartha.
- A mhéid a bhain an tionscnamh a chuspóir(i) santaithe amach.
- Conclúidí maidir leis na tosca ba chúis le rath an tionscnaimh mheasúnaithe.

Uasteorainn leis an líon focal: 1000

[Líon focal, fíoracha san áireamh: ]

## 4. Sínithe údaraithe

Ní mór Cás-Staidéir ar an Measúnacht Tionchair a bheith sínithe ag Ceann na hInstitiúide (nó ag Ceann gach Institiúide is comhpháirtí) sula gcuirtear faoi bhráid an ÚAO iad faoi **17:00 an ll mí bbbb**.

*(I gcás comhaighneachtaí, cóipeáil agus greamaigh an tábla seo a leanas le haghaidh gach institiúide ardoideachais is comhpháirtí.)*

<sup>8</sup> Tarraingíodh na mínithe ar na téarmaí ‘tionchair’, ‘tábhacht’ agus ‘clúdach’ as an Research Excellence Framework (2021), *Guidance on submissions*, an Ríocht Aontaithe – [www.ref.ac.uk](http://www.ref.ac.uk), agus tá an t-írdhealú idir na mínithe ar an téarma ‘tionchar’ mar chineál toraidh agus ar an téarma ‘tionchar’ mar chritéar bunaithe ar ECFE (2023), *Glossary of Key Terms in Evaluation and Results-Based Management for Sustainable Development (Second edition)*, OECD Publishing, Páras – <https://doi.org/10.1787/632da462-en-fr>.

Thar ceann [**cuir ainm na hinstitiúide ardoideachais isteach**], dearbhaím go bhfuil na mionsonraí atá tugtha san aighneacht cás-staidéir seo fíor agus ceart.

Síniú Cheann na hInstitiúide:	
Ainm i bPrionta:	
Dáta:	